Bhí an file draíochtúil Déiseach Piaras Mac Gearailt (1709 – 1795?) ina cheann feadhna ar an gcúirt filíochta, 'Cúirt na mBurdún' mar a thugtaí uirthi, a bhíodh ag teacht le chéile i mBaile Uí Chionnaola in oirthear Cho. Chorcaí ó lár na hochtú haoise déag ar aghaidh. Is mar gheall air sin a tugadh 'Ardsirriam Leithe Mogha' air. Chuir Risteard Ó Foghludha a shaothar ar fáil sa bhliain 1905 in 'Amhráin Phiarais Mhic Gearailt' ach tá sé sin as cló le fada an lá. Faoi chlúid an leabhair seo anois, tá saothar an fhile ar fad in eagar ó na lámhscríbhinní Gaeilge a chaomhnaíonn a chuid filíochta agus cuid mhaith di óna lámhscríbhinn shuaithinseach féin atá ar coimeád i Leabharlann an Ruiséalaigh in Ollscoil na hÉireann, Má Nuad. Dar ndóigh, mar fhile Seacaibíteach scríobh an Gearaltach roinnt d'amhráin mhóra pholaitiúla na linne: 'Rosc Catha na Mumhan', 'A Mhálaí Bheag Ó', 'Sean Ó Dí' srl. ach chomh maith leis sin tá dánta aige a thugann éachtaint dúinn ar imeachtaí na Cúirte a raibh sé ina Ardsirriam uirthi, dréachtaí pearsanta a nochtann a mheon ar chúrsaí creidimh agus polaitíochta dúinn, agus i ndán clúiteach amháin dá chuid, 'A chogair a charaid', léiríonn sé go raibh tionchar ag péindlíthe na linne úd air féin nuair a bhí air iompó ina Phrotastúnach d'fhonn a raibh aige de mhaoin an tsaoil a choimeád. Deintear iarracht sa leabhar so scéal a bheatha a chur le chéile bunaithe ar a chuid scríbhinní féin agus ar an gcaidreamh a bhí aige ar fhilí agus ar scríobhaithe eile. Táthar ag súil go gcuirfidh pobal na Gaeilge aithne ar Phiaras an athuair sa leabhar so sa tslí is go bhfaighidh sé an t-aitheantas atá ag dul dó mar dhuine de mhórfhilí Gaeilge na hochtú haoise déag.

Léachtóir i Roinn na Gaeilge, Coláiste Mhuire gan Smál is ea an t-údar.

Tá téacs criticiúil dá lán de fhilí an ochtú agus an naoú haois déag de dhíth orainn. Sampla maith de sin ab ea Piaras Mac Gearailt. Dá fheabhas é eagrán Fhiachra Éilgigh ní raibh sé den chaighdeán a thuill Piaras. Fáilteofar roimh an eagrán slachtmhar tuisceanach seo lena théacs atá dílis do na foinsí agus cruinn ó thaobh teangan agus meadarachta. Ní fhágann sé fadhb gan freagra. Ciallaíonn sin breis toirte sa leabhar, ach is fiú an ransú mar is léir sa suimiú a thugtar sa chaibideal ar 'Chúrsaí teangan agus meadarachta.' Oireann na grianghraif go seoigh don ábhar go háirithe i leabhar ina bhfuil Rosc Catha na Mumhan ar fáil chomh cáiréiseach sin agus an oiread sin téacsanna againn ó lámh an údair.

Pádraig Ó Fiannachta

Clúdach: Íomhá de lch. 50 de Lámhscríbhinn Phiarais Mhic Gearailt, Maigh Nuad, M 58 (a). Le caoinchead Leabharlann an Ruiséalaigh, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad.

ISBN 978-1903896822

€30

Ó Cróinín

Piaras Mac Gearailt

An Sagart 2015

Piaras Mac Gearailt

A SHAOL AGUS A SHAOTHAR



Breandán Ó Cróinín